An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Áit ar bith sa Zú

Sa zú faigh rud éigin féidir a thomhas (airde, leithead, fad, acmhainn).

Cé na straitéisí a d'fhéadfá a úsáid chun é a thomhas gan rialóir nó téip thomhais?

Sa zú faigh rud éigin a bhfuil níos mó ná dath amháin air. Cad a thugann tú faoi deara faoi na dathanna?

Conas a d'fhéadfá cur síos a dhéanamh ar na dathanna nó comparáid a dhéanamh eatarthu ag úsáid focail mhatamaiticiúla (m.sh. codán, cóimheas, céatadán)?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Cainteanna Coimeádaí Zú (Póstaeir)

súile mata

An bhfuil spásanna rialta idir na cainteanna? (An dtarlaíonn siad ag eatraimh rialta?) Tabhair fáth le do fhreagra.

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

Cé mhéad nóiméad, san iomlán, a mhaireann na cainteanna go léir le chéile?

Mata do Chách
Seachtain Mhata na hÉireann

Dublin Zoo

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Oileán Meacaice (Macaque)

Cé na cruthanna is féidir leat a aimsiú?

Cé na triantáin is féidir leat a aimsiú? Tarraing iad.

Dean rangú (sórtáil) na triantáin a tharraing tú. Conas a chuir tú i dtacair iad?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

Dublin Zoo

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Gnáthóg Órang-útain (Orangutan Habitat)

Déan cur síos ar na línte/ uillinneacha ar an gcrann os comhair ghnáthóg (theach) an órang-útain.

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

Cé mhéad cloch a fheiceann tú sa bhalla? Mínigh do fhreagra.

Mata do Chách
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Coill Spraoi (Play Forest)

súile mata

Déan meastachán ar airde an chrainn phailme. Cén marc airde (benchmark) a d'úsáid tú?

Cé chomh hard agus a chaithfidh tú a bheith chun an sleamhnán mór a úsáid? Cé mhéad bealach is féidir leat do fhreagra a thaispeáint?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do chách
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Léamar (Lemurs)

Déan meastachán ar fhad eireabaill an léamair agus ar fhad a choirp. Cad a thugann tú faoi deara nuair a dhéanann tú comparáid eatarthu?

Féach timpeall ort. An féidir leat do cheist mhatamaitice féin a chumadh faoin méid a fheiceann tú?

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Murlach na Lasairéan (Flamingo Lagoon)

Féach suas! Cé na cruthanna, na línte agus na huillinneacha is féidir leat a fheiceáil?

Conas a dhéanfá na cruthanna/ na línte/ na huilinneacha seo a rangú (sórtáil)?

Roghnaigh lasairéan. Déan meastachán ar a airde agus déan comparáid le d'airde féin. Cad a thugann tú faoi deara?

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

Mata do Chách
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Cuas Mór-Rónta (Sea Lion Cove)

Déan meastachán ar cé chomh tapa agus atá an mór-rón ag snámh. Mínigh do fheagra?

Roghnaigh mór-rón atá ag snámh. Cén codán/céatadán dá chorp atá os cionn an uisce?

Cén cruth atá ar na fuinneoga i dtanc na mór-rónta?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Machairí na hAfraice (African Plains)

Déan tábla nó graf agus taispeáin na cineálacha éagsúla ainmhithe is féidir leat a fheiceáil.

Roghnaigh sioráf. Déan meastachán ar a airde. Conas a d'oibrigh tú amach é?

Roghnaigh séabra. Cad é an cóimheas dubh le bán ar a chorp? Mínigh do fhreagra.

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách — Seachtain Mhata na hÉireann

Dublin Zoo

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Srónbheannach (Rhino)

Roghnaigh srónbheannach. Déan meastachán ar fhad adharc amháin. Conas a rinne tú do mheastachán?

Féach ar an adharc eile. Cad é an cóimheas idir an dá adharc?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Foscadán (Rain Shelter)

Cad iad na cruthanna éagsúla is féidir leat a aithint (2-T & 3-T)?

Tá cruth cóin ar an díon. Déan meastachán ar imlíne a bhoinn. Conas a d'oibrigh tú amach é?

Déan meastachán ar airde an chuaille adhmaid. Mínigh an modh a d'úsáid tú (m.sh. ag baint úsáid as an mbinse mar mharc airde).

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Dobhareach (Hippo)

Féach ar dhobhareach. Tomhais cá fhad a fhanann sé/sí faoin uisce. Bain úsáid as uaireadóir nó stopuaireadóir. Déan taifead ar do thorthaí agus déan comparáid idir iad agus grúpa eile.

Tá an dobhareach ar cheann de na hainmhithe is troime sa zú. Déan meastachán ar a mheáchan. Ansin déan comparáid idir é agus ainmhithe eile is féidir leat a fheiceáil thart — cé acu is troime dar leat, agus cén fáth?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

MATA DO CHÁCH

Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Foraois Bháistí Goraillí (Gorilla Rainforest)

Cad é cóimheas na rópaí leis na crainn i dteach/gnáthóg na ngoraillí?

Roghnaigh goraille. Cad é an cóimheas idir a lámha agus fad a choirp, dar leat? Mínigh conas a rinne tú meastachán.

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do chách
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Piongain Humboldt (Humboldt Penguins)

Cén codán/céatadán de chorp an phiongain atá dubh?

Cén codán/céatadán de na piongain atá san uisce anois?

Déan meastachán ar airde cuaille an sconsa (fence post). Cén marc airde a d'úsáid tú (céimeanna, binse srl.?)

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

Dublin Zoo

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Conair Foraoise Kaziranga (Kaziranga Forest Trail) - Eilifintí

Roghnaigh eilifint. Déan meastachán ar fhad a trunca.

An bhfuil difríocht idir fad cosa tosaigh agus cosa deiridh eilifinte?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Teach Haughton (Elephant Exploration)

Déan comparáid idir fad cos amháin den eilifint agus airde chnámharlach an duine. Cad a thugann tú faoi deara?

An bhfuil difríocht faid idir cosa tosaigh agus cosa deiridh cnámharlach eilifinte? Déan comparáid idir do fhreagra agus an freagra a thug tú níos luaithe agus tú ag na heilifintí.

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do chách – Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Taobh Amuigh den Ionad Fionnachtain agus Foghlaim (Discovery and Learning Centre)

Déan meastachán ar líon na mbloc liath. Conas a rinne tú do mheastachán?

Cad é an cóimheas idir cearnóga agus dronuilleoga?

Crann 'Fractal': Féach ar an gcrann. Cad a thugann tú faoi deara faoi phatrún na ngéag?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do chách Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Taobh Istigh den Ionad Fionnachtain agus Foghlaim (Discovery and Learning Centre)

Déan meastachán ar líon iomlán na gcnámh i gcnámharlach an tsioráif. Cén straitéis a d'úsáid tú chun do mheastachán a dhéanamh?

Féach ar adharca an tsrónbheannaigh. Cad é an cóimheas idir an ceann is faide agus an ceann is giorra? Mínigh conas a d'oibrigh tú amach é.

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

Dá leagfá cnámha an tsioráif go léir i líne, cé chomh fada is a cheapann tú a bheadh an líne? Cad iad na leideanna a chabhraíonn leat do mheastachán a dhéanamh?

MATA DO CHÁCH

Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Taobh Amuigh den Domhan Zúrasach (Zoorassic World)

Féach ar an gcomhartha 'Zoorassic World'.

Cé mhéad bealach is féidir leat na litreacha a shórtáil?

Cén codán de na litreacha nach bhfuil ach línte díreacha iontu?

Má shórtáil tú na litreacha ina ngutaí agus ina gconsain, cad é an cóimheas?

An bhfuil aon litreacha ann a bhfuil líne shiméadrachta acu? Cé mhéad line shiméadrachta?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách

Seachtain Mhata na hÉireann

Dublin Zoo

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taobh istigh den Domhan Zúrasach (Zoorassic World)

Turtair:
Cad iad na cruthanna agus na patrúin is féidir leat a fheiceáil ar bhlaoscanna na dturtar?

Dá bhféadfá umar nua a dhearadh do na turtair, cad iad na cruthanna agus na toisí a roghnófá? Cén fáth?

Roghnaigh tacar heicseagán. Céard a thugann tú faoi deara fúthu?

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

súile mata

Mata do Chách Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Feirm Teaghlaigh - Gabhair

Cén dath fionnaidh is minice a thugann tú faoi deara i measc na ngabhar?

Déan meastachán ar mheánairde gabhar. Conas a d'fhéadfá do mheastachán a sheiceáil?

Samhlaigh go raibh na gabhair ar fad ina seasamh i líne (srón go heireaball). Cé chomh fada agus a bheadh an líne?

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# An Dán ar an mBalla
# (The Sparrow Poem)

Cén aois a bhí Jan Hanlo nuair a fuair sé bás?

Féach ar an dán. An bhfuil patrún ann? Mínigh do fhreagra.

Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.

Mata do Chách
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Feirm Teaghlaigh - Balla Bosca Neadaireachta (Nesting Box Wall)

Cad é an líon is lú éan a d'fhéadfadh a bheith sna boscaí neadaireachta, dar leat? Cad é an líon is mó?

Cé mhéad bealach is féidir leat na boscaí neadaireachta a rangú (sórtáil)?

Cén cruth bosca neadaireachta is éifeachtaí ó thaobh spáis de? Cén fáth?

Cad iad na cruthanna 2T agus 3T is féidir leat a aithint sna boscaí neadaireachta? Déan cur síos ar a n-airíonna (aghaidheanna, faobhar, srl).

Mata do Chách – Seachtain Mhata na hÉireann

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

DUBLIN ZOO

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

súile mata

# Míorchait (Meerkats)

Cé mhéad ainmhí is féidir leat a chomhaireamh? Mínigh do fhreagra.

Roghnaigh míorchat. Cén airde atá aige/aici?

Cé mhéad carraig is féidir leat a chomhaireamh? Mínigh do fhreagra.

**Scan an cód chun na ceisteanna a chloisteáil.**

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

DUBLIN ZOO